# NATIONAL COLLEGE OF ART & DESIGN

COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTHA
NATIONAL COLLEGE OF ART & DESIGN

Tuarascáil Bhliantúil 2023 - 2024



CONTENTS


**Brollach leis an Stiúrthóir**

**Brollach leis an gCathaoirleach**

**Eolas faoin NCAD**

**Forbairtí Straitéiseacha**

**Straitéis an NCAD 2019-2024,**

**Todhchaí Mhisniúil agus Fhiosrach**

**an Straitéis i nGníomh**
**2023 - 2024**


**COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTHA**
**NATIONAL COLLEGE OF ART & DESIGN**

COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTHA




NATIONAL COLLEGE OF ART & DESIGN

## Brollach leis an Stiúrthóir

Tá bród orm an **Tuarascáil Bhliantúil** seo a chur i láthair don bhliain airgeadais 2023-2024, ina soláthraítear roghbhlúire d'fhuinneamh, d'uaillmhian, agus d'éachtaí an NCAD i mbliana. Leanann an NCAD de bheith mar phríomhinstitiúid ealaíne agus deartha na hÉireann, ina múnlaítear ceannairí cruthaitheacha a chuireann dúshlán roimh theorainneacha an chleachtais chruthaithigh agus a dhéanann iad a spreagadh agus a athshainiú.

Neartaíomar ár seasamh domhanda in 2023-2024, nuair a bhaineamar an **23ú háit san Eoraip agus an 60ú háit ar domhan** amach i **Rangú Ollscoileanna Domhanda QS** don Ealaín agus don Dearadh. Tá ár líon mac léinn chomh héagsúil agus chomh dinimiciúil agus a bhí riamh, ina bhfuil **1,454 mac léinn cláraithe**, cohórt mac léinn idirnáisiúnta atá ag dul i méid ina measc ó **42 tír** agus líonta mac léinn atá ag fás a thugann aghaidh ar bhealaí solúbtha páirtaimseartha staidéir.

Léirítear a dtallann agus a dtiomantas i dtionchar ár gcéimithe, a leanann d'earnáil chruthaitheach na hÉireann a mhúnlú - atá i measc **40% de na céimithe Mínealaíne agus 25% de na céimithe Deartha go náisiúnta**. Aithnítear a n-obair go domhanda agus ba iad ár gcéimithe ba mhó ar bronnadh gradaim dhomhanda mi léinn orthu in 2023.

Baineadh aistriú ríthábhachtach amach freisin i mbliana de réir mar a dhruideann cur i gcrích ár straitéise **Todhchaí Mhisniúil agus Fhiosrach** (Futures Bold and Curious) (2019-2024) linn agus mar a thugaimid aghaidh ar phróiseas nua pleanála straitéisí don bhliain 2025 agus ina dhiaidh sin. Cruthaíodh in **Todhchaí Mhisniúil agus Fhiosrach** treochlár d'fhorbairt straitéiseach shuntasach sa Choláiste de réir mar a rinneamar ár n-acmhainn taighde a fhorbairt, mar a thacaíomar le teagasc agus le foghlaim nuálach ar fud an Choláiste agus mar a rinneamar ár dtiomantas dár n-obair le pobail éagsúla in Éirinn agus go domhanda a leabú go domhain. Buntacaíonn ár bhforbairtí leanúnacha leis an uaillmhian seo lena chinntiú gur eagraíocht chomhtháite agus éifeachtach sinn a bhfuil na hacmhainní againn a theastaíonn uainn lenár gcumas a bhaint amach go hiomlán. Rinneadh dul chun cinn suntasach i mbliana le fís shoiléir a fhorbairt dár gCampas ar Shráid Thomáis, agus cruthaíodh spás níos fearr agus níos mó trí mheascán dár gCampas reatha a athshamhlú agus d'áiseanna nuathógtha. Tabharfaidh an Coláiste tús áite sna blianta amach romhainn don fhís seo a chur i bhfeidhm trí chlár forbartha caipitil ceithre chéim.

Pobal gníomhach mac léinn agus foirne atá san NCAD atá tiomanta do chinntiú gur spás ionchuimsitheach atá san NCAD ina gcumasaítear fiosracht mhisniúil, uileghabhálacht agus claochlú. Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a chur in iúl do phobal seo an NCAD agus dár bpobal níos fairsinge ina bhfuil an iomaí comhpháirtí a bhfuil an tiomantas céanna acu atá againn do chinntiú go saibhríonn neart cruthaitheach sochaí na hÉireann, neart a chuireann an t-athrú agus tionchar chun cinn ar fud na sochaí. Ba mhaith liom tacaíocht shárluachmhar an Údaráis um Ard-Oideachas agus na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus bhaill Bhord an NCAD a aithint, ach go háirithe, a mbaineann ríthábhacht lena maoirseacht, a dtreoir agus a ndíograis chun go mbeidh an NCAD dinimiciúil agus rathúil.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mic léinn an NCAD - is iad a bhfuinneamh, a bhfís chruthaitheach agus a dtiomantas a chuireann beocht sa Choláiste agus a spreagann sinn ar bhonn laethúil.

**An tOllamh Sarah Glennie**
Stiúrthóir





# 1,454

mac léin

# 14%

ó chúlraí idirnáisiúnta i measc

# 42

tír.





Baineadh aitheantas amach mar Institiúid Ealaíne agus Deartha is Fearr in Éirinn, tar éis gur rangaíodh an NCAD sa

# 23rd

háit san Eoraip agus sa

# 60th

háit ar domhan
(Rangú Ollscoileanna Domhanda QS).

# 2024

## Brollach leis an gCathaoirleach

Is ábhar mór bróid dom **Tuarascáil Bhliantúil an NCAD 2023-2024** a chur i láthair, ina léirítear bliain inar baineadh dul chun cinn, cruthaitheacht, agus uaillmhian amach. Is é an NCAD príomhinstitiúid oideachais Ealaíne agus Deartha na hÉireann agus leanann sé le todhchaí na dtionscal cruthaitheach a mhúnlú, agus na scileanna, an mhuinín agus an fhís a thabhairt do mhic léinn chun cur go bríoch leis an tsochaí.

Rinne baill an Bhoird maoirseacht ar sholáthar phlean straitéiseach uaillmhianach an NCAD, **Todhchaí Mhisniúil agus Fhiosrach**, a chuir ar chumas an Choláiste dul chun cinn soiléir a dhéanamh i limistéar an taighde, an teagaisc agus na foghlama agus na nascachta domhanda. Sonraítear tionchar na n-éachtaí siúd sa tuarascáil seo. D'oibríomar go dlúth freisin leis an bhfeidhmeannacht chun leanúint den obair thábhachtach i gcaitheamh roinnt blianta, chun staid dhúshlánach airgeadais a shárú agus staid chobhsaíochta a bhaint amach agus lena chinntiú go mbainistítear an NCAD go héifeachtach agus go bhfuil próisis dhaingne agus thrédhearcacha rialachas i bhfeidhm.

Thar ceann mo chomhghleacaithe ar an mBord, ba mhian liom an deis seo a ghlacadh chun buíochas a chur in iúl d'fhoireann uile an NCAD. Aithnímid an obair thar a bheith dhian a thiteann amach ar fud an Choláiste ar bhonn laethúil chun timpeallacht ionchuimsitheach agus uaillmhianach foghlama agus taighde a chruthú. Ba mhaith linn ár mbuíochas ó chroí a chur in iúl freisin don ÚAO agus don Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta as a dtacaíocht leanúnach don NCAD.

Tréimhse athraithe a bhí sa tréimhse 2023-2024 don Bhord inar bhain roinnt baill bhoird deireadh a dtionachta amach agus inar ghlac baill nua lena suíocháin ag an tábla. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe go léir ar an mBord as a dtiomantas agus a dtacaíocht as cuimse i leith an Choláiste; acmhainn shárluachmhar é a léargas agus táimid thar a bheith buíoch díobh as ucht a dtiomantais.

**An Dr Carole Pollard**
Cathaoirleach Ainmnithe



NATIONAL COLLEGE OF ART & DESIGN

COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTHA

Príomh-rannchuiditheoir leis na tionscail chruthaitheacha náisiúnta, ar fhreastail

**40%**

de chéimithe Mínealaíne agus

**25%**

chéimithe Deartha air.



## Eolas faoin Coláiste Náisiúnta Ealaín is Deartha

Bunaíodh an Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha (an NCAD) i dtosach mar Scoil Líníochta Chumann Bhaile Átha Cliath in 1746 agus cuirtear an t-oideachas is saibhre agus is éagsúla in Ealaín agus Dearadh in Éirinn ar fáil ann. Is í ár bhfís an **domhan a athrú tríd an smaointeoireacht mhisniúil agus fhiosrach, rudaí a a chruthú agus a dhéanamh** agus cuirimid oideachas ar mhic léinn ag an NCAD chun go mbeidh siad ina neart cruthaitheach a bhfuil na scileanna acu tionchar agus athrú a chruthú ar fud na sochaí.

Tuigimid gurb í an chruthaitheacht bunchloch todhchaí níos fearr, agus aithnímid go bhfuil cumas uathúil ag an earnáil chruthaitheach, mar cheann de na hearnálacha is tapúla fáis sa gheilleagar, chun cur le borradh agus spriocanna geilleagracha na hÉireann mar shochaí inbhuanaithe. Foinse nuálaíochta agus smaointeoireachta nua é an cleachtas cruthaitheach, chomh maith le rud a chuireann comhtháthú sóisialta, folláine agus féiniúlacht chun cinn. Cuireann céimithe an NCAD earnálacha cruthaitheacha agus cultúrtha na hÉireann chun cinn, a chuireann 3.7% den Olltáirgeacht Intíre (GDP) ar fáil faoi láthair agus tá seo le dul i méid.

Tá ceithre scoil sa Choláiste; Dearadh, Oideachas, Mínealaín agus Cultúr Físiúil, agus freastalaíonn 1,300  mac léinn lánaimseartha agus líon breise 700 mac léinn atá ag tabhairt faoi chúrsaí oíche, air.

Creideann an Bord agus an fhoireann i gcumas bunathraitheach oideachas an NCAD chun an fhiosracht mhisniúil agus an smaointeoireacht nua a thabhairt dár gcéimithe a theastaíonn go géar ón tsochaí. Táimid uaillmhianach chun bealaí nua oibre a aimsiú lena chéile agus leis an bpobal i gcoitinne, chun teorainneacha an chleachtais chruthaithigh a athshainiú agus a fhairsingiú go leanúnach, chun difear a dhéanamh agus, mar a luaitear inár misean, an domhan a athrú.







## Forbairtí Straitéiseacha

Leanúint leis an **straitéis Todhchaí Mhisniúil agus Fhiosrach (Futures Bold and Curious) 2019-2024** a chur i bhfeidhm agus díriú ar fhoghlaim agus ar thaighde ceannasach agus fhiosrach, ar cheangail lasmuigh den Champas agus ar shármhaitheas oibríochtúil.

Comhoibriú neartaithe taighde, tionscadail san **áireamh ar fheistí leighis inbhuanaithe**, **ar bhuantalmhaíocht uirbeach**, agus **ar chleachtais éagsúla i gcultúr físiúil**.

Cláir fhairsingithe agus intéirneachta **Studio+**, a chumasóidh níos mó ná **70 soghluaisteacht mac léinn** i measc malartuithe staidéir agus socrúcháin Erasmus.

Tháinig méadú faoi dhó ar rannpháirtíocht sa dámh i **malartuithe idirnáisiúnta atá cistithe ag Erasmus** agus seoladh comhpháirtíochtaí le hinstitiúidí domhanda, cosúil le **hInstitiúid Mhínealaíne Sichuan**.

Bronnadh gradam **Cré-umha institiúide Athena Swan orainn**.

**Cuireadh forbairt an Champais**, éifeachtúlacht oibríochtúil níos fearr, agus spriocanna inbhuanaitheachta comhtháite chun cinn trí Phlean **Gníomhaithe ar son na hAeráide an** NCAD.

Rialachas láidir leanúnach, le tuairisciú trédhearcach agus cobhsaíocht airgeadais.


METALLICA
unbo

## Straitéis an NCAD 2019-2024, Todhchaí Mhisniúil agus Fhiosrach

**Mission**

# An domhan a athrú trí smaointeoireacht mhisniúil agus fhiosrach, rudaí a chruthú agus a dhéanamh







## 3 Limistéar ar a nDírítear go Straitéiseach

**Foghlaim Mhuiníneach agus Fhiosrach a Shuíomh sa Chroílár**

**Déan ceangal agus bí ceangailte**

**Eagraíocht Éifeachtach**

Leagtar amach in Todhchaí Mhisniúil agus Fhiosrach an misean, na luachanna agus an díriú straitéiseach a mhúnlaigh obair an Choláiste ó seoladh é in 2019.

I gcomhthéacs stair an NCAD mar sholáthraí oideachais ar feadh breis agus 250 bliain, déantar meas sa Phlean Straitéiseach seo ar an méid atá i gceist i bhfírinne le bheith mar institiúid Ealaíne agus Deartha in Éirinn chomhaimseartha. Mar institiúid, d'fhiafraíomar dínn féin cén chuma a bheidh ar an domhan a bhainfidh ár mic léinn amach, agus cad is féidir linn a dhéanamh chun cabhrú le hiad a ullmhú chun an todhchaí sin a bhaint amach le muinín, uaillmhian agus tionchar?

Thosaigh an Coláiste leis an obair thábhachtach lena mbaineann ár bplean straitéiseach nua a fhorbairt in Eanáir 2024 agus seolfar é i bhfómhar 2025.



# Todhchaí Mhisniúil agus Fhiosrach - an Straitéis i nGníomh 2023-2024

## Foghlaim Mhuiníneach agus Fhiosrach a Shuíomh sa Chroílár

### Taighde Muiníneach agus Fiosrach

Tá an taighde ag an NCAD ceangailte agus comhoibritheach, agus leanann buaicphointí ár n-oibre le comhpháirtithe go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta de na tionchair fhairsinge shochaíocha a thaispeáint is féidir le taighde ar Ealaín, Dearadh, Cultúr Físiúil agus Oideachas Ealaíne a imirt:

Fuair DesignLabs an NCAD cistiú ón gCiste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha mar chuid de chuibhreannas faoi stiúir Tympany Medical don tionscadal Solascope, chun an chéad ionscóp lánléargais inbhuanaithe ar domhan a fhorbairt. Leanfaidh taighdeoirí an NCAD sa tionscadal seo de chúram sláinte níos fearr agus níos inbhuanaithe a chur chun cinn trí fheistí leighis ciorclacha a dhearadh.



Mar chomhpháirtí thionscadal L'Internationale Museum of the Commons, atá á chistiú ag an gCoimisiún Eorpach trí Eoraip na Cruthaitheachta, bhunaigh an NCAD an chónaitheacht Páirceanna Uirbeacha (Urban Fields) chun smaointeoireacht nua a fhiosrú i gcleachtas inbhuanaithe atá nasctha le buantalmhaíocht áitiúil uirbeach, líonraí bia agus gníomhaíochas pobail. Rinne Páirceanna Uirbeacha PÁIRC an NCAD (NCAD FIELD) a ghníomhachtú níos mó mar shuíomh úrnua éiceolaíochta agus mar spás oideolaíoch atá go hiomlán uathúil i gcomhthéacs tríú leibhéal na hÉireann, ina ndéanann taighdeoirí cónaithe scrúdú ar chomhchruthú an dúlra agus an chultúir agus ar an idirghníomhú eatarthu trí pheirspictíocht dhomhan an duine agus an domhain osnádúrtha.

Trí cheapachán iardhochtúireachta lenar thacaigh Scéim Comhpháirtíochta Fiontraíochta Thaighde Éireann, tá an NCAD agus Áras Nua-Ealaíne na hÉireann (IMMA) ag dul i gcomhpháirt chun staidéar indéantachta a fhorbairt chun an chéad ionad acmhainne ealaíne faoi stiúir an phobail agus faoi stiúir feimineach ar oileán na hÉireann a bhunú. D'fhéadfadh an acmhainn seo glórtha a ndéantar tearcionadaíocht dóibh a bhaineann le táirgeadh agus le gníomhaíochas cultúrtha a neartú gan stró.

### Taighde a dhéanann ceangal


Rinne an NCAD ár dtaighde poiblí trí thrí shiompóisiam taighde a chur ar siúl, inar tugadh príomhchleachtóirí idirnáisiúnta agus áitiúla le chéile chun plé a dhéanamh le grúpaí pobail, mic léinn agus an lucht éisteachta poiblí chun taighde beo agus comhoibritheach a roinnt: Scrúdaíodh in Frithbhonneagair (Counter-Infrastructures) cleachtais athléimneacha ghníomhaithe ealaíne, rinneadh machnamh in Rewild Dublin? ar ról an athdhúlraithe uirbigh chun athrú aeráide a mhaolú, agus fiosraíodh in Téacs/Teicstíl (Text/Textile) cultúr ábhartha na Saoirsí agus an nasc idir teanga agus teicstíl.

### Struchtúir éifeachtacha thaighde

Tacaíodh le foireann an NCAD dul i ngleic go gníomhach lena bhforbairt féin mar thaighdeoirí tríd an bPainéal Tacaíochta Taighde a thabhairt isteach, acmhainn foghlama taighde idir piaraí; Seachtain Forbartha Taighde tionscnaimh an NCAD, inar cuireadh 11 sheisiún oiliúna ar siúl ar scileanna taighde don fhoireann; sparánachtaí PhD do bhaill foirne chun a gcleachtas taighde a chur chun cinn; agus 12 dheontas síolchistithe a bhronnadh ar phríomhníomhaíocht taighde amach anseo.

### Foghlaim Mhuiníneach agus Fhiosrach

Tacaítear le Teagasc agus Foghlaim a bharrfheabhsú sa Choláiste trí réimse fairsing deiseanna forbartha gairmiúla. I measc na ngníomhaíochtaí, bhí cuir i láthair ag aíonna agus ceardlanna, grúpaí oibre dírithe, tionscadail chistithe teagaisc agus foghlama agus siompóisiam teagaisc agus foghlama ina ndearnadh ceiliúradh ar roinnt den tsárobair theagaisc agus foghlama atá á déanamh laistigh den Choláiste.



**Leabharlann / NIVAL**

Tá dhá leabharlann den chéad scoth san NCAD chun staidéar a dhéanamh ar Ealaín agus Dearadh Idirnáisiúnta agus na hÉireann: Leabharlann Edward Murphy agus Leabharlann Amharc-Ealaíon Náisiúnta na hÉireann (NIVAL). Tá úsáideoirí leabharlainne muiníneacha a fhorbairt i gceartlár an mhéid a dhéanaimid, agus oibrímid le mic léinn ar gach leibhéal agus i measc na ndisciplíní chun scileanna taighde praiticiúla a ghnóthú.

Cuirtear tacaíocht ar fáil sna leabharlanna d'obair acadúil, agus spreagtar mic léinn a n-ábhair spéise phearsanta a fhiosrú trí bhailiúchán forleathan leabhar, irisleabhar, acmhainní digiteacha agus na bailiúcháin uathúla speisialta ag an NIVAL a fhiosrú. I measc na mbuaicphointí éadálacha i rith na tréimhse seo, bhí; cartúin do ghloine dhaite le Evie Hone; irisleabhar ag an ealaíontóir Norah O'Kelly ina gcuimsítear sceitsí trí le Sir William Orpen agus Harry Clarke; cartlanna Dhánlann Bell, Béal Feirste; cartlanna na n-ealaíontóirí Edward Delaney agus Veronica Bolay; agus taifid Bhailiúchán Ealaíne Frank X Buckley agus Michael Burns.

Tionscadal taighde é *Archiving Plurality: a collaborative process* faoi stiúir Alessia Cargnelli don NIVAL, agus é ina chuspóir rochtain, ionchuimsiú agus infheictheacht ealaíontóirí agus dearthóirí ó chúlraí cultúrtha agus náisiúntachtaí éagsúla a ndéantar tearcionadaíocht dóibh faoi láthair sna bailiúcháin a éascú níos mó. Cuireadh sraith moltaí le chéile chun beartais bhailiúchán a fheabhsú agus seirbhísí níos ionchuimsithí a fhorbairt.

**Tionscnaimh eispéireas agus folláine na mac léinn**

Lig cistiú ó thionscnamh Campas Folláin an ÚAO dúinn triail phíolótach a bhaint as ceardlann nuálach Bia agus Cúram (Food and Care) leis an ealaíontóir Jennie Moran chun mic léinn nua a fháiltiú i rith a n-ionduchtúcháin. Rinne Aontas na Mac Léinn Grúpa Sóisialta Néara-éagsúlachta a shainordú freisin agus seoladh an cárta JAM 'Díreach Nóiméad' (Just A Minute). Anuas ar chomhairleoireacht aghaidh ar aghaidh, chuir an tseirbhís tionscadal nuálach piarthreoraithe, Tionscadal an Choirp (Body Project) ar fáil chun tacú le mic léinn dul i ngleic le hidéil íomhá coirp, anuas ar cheardlanna Teiripe Ealaíne agus ranganna aireachais. Chuir mic léinn an NCAD le taispeántas Fhéile Inghlacthachta Uathachais an NCAD agus thacaigh siad le hobair na Seirbhíse Rochtana trí pháirt a ghlacadh in imeachtaí Fhéile Foghlama Bhaile Átha Cliath, Club Óige Rialto agus TUSLA. Leantar ag tacú le mic léinn a bhfuil dúshláin airgeadais rompu tríd an gciste cúnaimh mac léinn, Sparánacht 1916 agus an scéim iasachta ríomhaire glúine.









## Déan Ceangal agus Bí Ceangailte

### Foghlaim fíorshaoil

Sárthionscnamh é clár Studio+ an NCAD ina gcuirtear bliain bhreise d'eispéiris foghlama thumthacha fíorshaoil ar fáil do mhic léinn. Ullmhaíonn an clár mic léinn chun freastal níos fearr ar éilimh an lucht saothair dhomhanda atá ag teacht chun cinn trí chomhpháirtíochtaí sochaíocha, tionscail agus chultúrtha a chomhcheangal. Cruthaítear in Studio+ an NCAD eispéireas saincheaptha foghlama ina gcuimsítear mionchúis acadúil agus nochtadh gairmiúil. Tríd an oideachas cruthaitheach a cheangal go saoráideach le riachtanais shochaíocha, chultúrtha agus tionscail, forbraítear i gclár Studio+ an NCAD gairmithe inoiriúnaithe nuálacha atá réidh chun rannchuidiú bríoch a dhéanamh.

I measc bhuaicphointí na bliana, bhí tionscadail tionchair a sholáthair na mic léinn Deartha Táirgí agus Idirghníomhaithe le hInnealtóirí gan Teorainneacha, Baile Átha Cliath Cliste, Coláiste Ríoga na Máinlia in Éirinn (RCSI), agus Accenture, ina ndeachthas i ngleic le dúshláin ríthábhachtacha shochaíocha. Dhear mic léinn Deartha Cumarsáide boinn Mharatón Bhaile Átha Cliath agus chomhoibrigh siad le Cuideachta Chultúir Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, agus feidhmeanna praiticiúla deartha á dtaispeáint acu. Bhain 52 mac léinn Studio+, ar an iomlán, taithí oibre intéirneachta amach go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Rinneadh ceiliúradh i dTionscadal don Óige Rialto ar dheich mbliana de chomhoibriú le taispeántas siarghabhálach ag Dánlann an NCAD agus choimisiúnaigh sé gearrscannán leis an ngarsprioc seo a cheiliúradh.

### Ceangailte go domhanda

De réir mar a thugaimid Straitéis Dhomhanda an Choláiste isteach, tá láithreacht dhomhanda an NCAD á fás d'aon turas againn trí chur chuige comhtháite i leith idirnáisiúnú ár gcampais agus ár bpobail. Sheolamar comhpháirtíocht phíolótach le Keystone Education Group chun cur lenár líonta mac léinn neamh-AE idirnáisiúnta atá ag dul i méid i gcónaí. Cuirfear leis an bhfor-rochtain seo trí thionscnaimh nuálacha cosúil lenár gcéad Chomhaontú Urlabhraíochta le hInstitiúid Mhínealaíne Sichuan (SCFAI), a rinneamar foirmiúil lenár gcomhpháirtí agus le hAmbasadóir na hÉireann ag an Ambasáid i mBéising in 2024. Rinneamar rannpháirtíocht i scéimeanna náisiúnta móra le rá a athnuachan agus a thosú, cosúil le: clár Chomhaltaí na hÉireann (an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus ICOS), Scoláireacht Rialtas na hÉireann, Scoláireacht Ghradaim na Síne (Fiontraíocht Éireann), agus Scoláireacht an Chladaigh (Fiontraíocht Éireann) le héagsúlacht shaibhir mhac léinn a thabhairt isteach inár bpobal. D'fháiltíomar roimh mhic léinn i mbliana ón bPalaistín, Ceanada, Vítneam, agus an Iodáil trí na cláir seo.

Anuas ar an obair seo, tá eispéiris mhic léinn, fhoireann agus alumni an NCAD á n-idirnáisiúnú againn ag an gColáiste. Mhéadaíomar an líon soghluaiseachtaí foirne i mbliana faoi dhó trí chistiú Erasmus, a chuir ar chumas 13 bhall dáimhe taisteal agus a gceangail, agus comhpháirtíochtaí an Choláiste, a neartú ar fud na hEorpa. Leanann ár gclár malartaithe mac léinn leis an rath a bhaint amach agus tá soghluaisteacht láidir á baint amach i measc mic léinn Erasmus atá ag teacht isteach agus imeacht amach.

**OIBREACHA AN NCAD agus OIBREACHA AN CEAD 2024**

Thit OIBREACHA AN NCAD (NCAD WORKS) agus OIBREACHA AN CEAD (CEAD WORKS) amach i Meitheamh. Rinne Cór Úcránach Malva na hÉireann roinnt amhrán a chasadh leis an oscailt oifigiúil a cheiliúradh. Cuirtear tairseach ar fáil in OIBREACHA AN NCAD go dtí fairsinge iomlán na hoibre a dhéanann ár gcéimithe sárchumasacha ónár gceithre scoil: Mínealaín, Dearadh, Oideachas, agus Cultúr Físiúil agus tá iontu mic léinn a bhaineann céim amach ónár réimse fairsing cláir fochéime, iarchéime, agus an CEAD.


Cuireadh clár dinimiciúil imeachtaí beo agus ar líne ar siúl i gcomhthráth leis, a thug céimithe, ealaíontóirí, coimeádaithe, saineolaithe tionscail agus an pobal le chéile, a chruthaigh fóram chun plé a dhéanamh ar go leor de na buarthaí a tugadh chun solais in obair na mac léinn.

**An NCAD sa Phobal**

Cuimsíodh i gclár 2023-2024 taispeántas aonair Elaine Hoey *Bone of What Absent Thing* (an 3-15 Nollaig) a cheistigh an foréigean i dtreo ban agus an léiriú diúltach a rinneadh orthu i miotas ársa Medusa. Chuir *Transition to Transcendence* le Nikolas Ryan (an 3-10 Samhain), saothar idirghníomhach agus machnamh tumthach réaltachta fíorúla trí eispéireas pearsanta de Theiripe Shoiscéalach Tiontaithe Daone Aiteacha, leis seo.

Cuireadh dhá thionscadal breise mac léinn ar siúl i ráithe an earraigh: *Horizontalius* (an 14-28 Márta, sa Dánlann): saothar le Graham Holbrook, comhchleachtas ealaíne mic léinn Arlo Graham agus Nicole Holbrook, a dhéanann idé-eolaíocht an chomhsheilbheachais chothrománaigh a shuíomh i dtaobh sochaí níos ionchuimsithí agus níos daonlathaí a chruthú le luachanna bunaithe ar chomhoibriú agus ar cheannaireacht chomhroinnte a aontaítear trí chomhoibriú agus trí chúram. Chuir *Aithníonn Ciaróg, Ciaróg Eile* (an 28 Márta-12 Aibreán, an Forhalla) críoch leis seo. Is saothar é seo ina bhfuil stair bhéil na hÉireann agus foirmeacha amhairc fite fuaite ina chéile chun éifeachtaí na Suirbhéireachta Ordanáis go luath sa 19ú haois ar thírdhreacha comhaimseartha agus comhshaoil na hÉireann a fhiosrú agus a chaoineadh.

Bronnadh Cónaitheacht Ghorlainne Dhánlann an NCAD 2024 ar an gcéimí le déanaí Louis Scully. D'eascair céad taispeántas aonair Scully, *Empathising with the Enemy* (an 17 Meán Fómhair-an 18 Samhain, an Dánlann) as seo agus tionscadal lionsabhunaithe é a forbraíodh trí líonra gníomhaithe agus eagraíochtaí dlúthpháirtíochta a chruthú atá suite sa Phalaistín agus san Iosrael.







**Gradaim agus Éachtaí Mic Léinn agus Alumni a Roghnaíodh**

Cuireadh 10 gcéimí ar an ngearrliosta i Seó Céimithe Deartha Arts Thread 2023. Bhí beirt bhuaiteoirí ann a bhain ardmholadh amach agus buaiteoir réigiúnach amháin ar na Gradaim Fochéime Domhanda 2023.

Bhuaigh ceathrar alumni agus céimithe le déanaí an NCAD Gradaim Future Makers 2023.

Bronnadh Gradaim Mic Léinn Future Makers DCCI ar chúigear céimithe an NCAD.

Ba chraobhiomaitheoir í an céimí DBE Megan Thomas i nGradam Faisin Mittlemoda mór le rá i measc 26 craobhiomaitheoir ó áiteanna fud fad na cruinne.

Cuireadh ceathrar mac léinn ón mBaitsilér Ealaíon i nDearadh Grafach ar an ngearrliosta don Leabhar Mic Léinn is Fearr do Ghradaim Deartha agus Táirgthe Leabhar na Breataine 2023.

Rinneadh saothar an chéimí le déanaí ón mBaitsilér Ealaíon i nDearadh Grafach le Cultúir Chriticiúla, Lorna Quinn, a ionaduchtú isteach i Leabharlann Cheirde na hEorpa.

Bhuaigh beirt chéimithe Deartha Seirbhíse Máistir Ealaíon an NCAD agus céimí amháin Máistir Ealaíon IxD an Gradam Mic Léinn Deartha Seirbhíse 2023. Bhuaigh céimithe an NCAD an gradam idirnáisiúnta seo le trí bliana anuas.

Cuireadh 32 céimí Deartha an NCAD ar ghearrliostaí do Ghradaim Chéimithe IDI, an líon ba mhó ó institiúid ar bith ar oileán na hÉireann, agus bhí 10 mbuaiteoir agus 14 iontráil a bhain moladh amach ann.

Cuireadh Taispeántas Amharcealaíon an RDS ar siúl ag Áras Nua-Ealaíne na hÉireann (IMMA) agus i measc na n-ealaíontóirí a rinne taispeántas, bhí 7 mac léinn Mínealaíne an NCAD as líon iomlán 15 thaispeántóir.

Cuireadh an mac léinn sa Bhaitsiléir Ealaíon i nDearadh Grafach sa Bhliain Deiridh ar an ngearrliosta chun ionadaíocht a dhéanamh d'Éirinn mar chuid d'Acadamh Roger Hatchuel do Ghiúiré Cannes Lions.



## Eagraíocht Éifeachtach

Lean an NCAD lena obair lena chinntiú gur eagraíocht chomhtháite agus éifeachtach é a bhfuil an bonneagar aige a theastaíonn chun a uaillmhianta agus a chumas a bhaint amach. I ndiaidh Plean Indéantachta Campais mionsonraithe a d'fhorbair TAKA agus Ailtirí Clancy Moore i gcomhoibriú leis an gColáiste, chuir an NCAD Réamhchás Gnó faoi bhráid an ÚAO do Phlean Forbartha Campais ceithre chéim ina gcruthófar spás níos fearr agus breise ar ár gCampas ar Shráid Thomáis trí chlár athchóirithe agus nuathógála.

Leantar leis an timpeallacht oibre a fheabhsú roimhe seo agus cultúr dian agus daingean sláinte agus sábháilteachta á fhorbairt, ár dtionscadal caipitil bonneagair Sláinte agus Sábháilteachta á chríochnú agus tionscadail chaipitil bheaga leanúnacha ar bun ar Campas. I measc na bhforbairtí eagraíochta, bhí CORE HR a chur i bhfeidhm trí thionscadal seirbhísí comhroinnte faoi stiúir an RBOAOTNE agus infheistíocht leanúnach inár mbonneagar TFC.



### Campas Glas

Thosaigh an NCAD Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide i rith 2024 agus seoladh ár bhFoireann Ghlas ó thús an téarma in 2024. Meascán trascholáiste d'fhoireann riaracháin, oideachais agus theicniúil atá san Fhoireann Ghlas, a chinntíonn ionchur agus comhoibriú éagsúil.

Dúshlán nach beag roimh ár spriocanna a bhaint amach is ea foirgnimh oidhreachta a chothabháil agus a uasghrádú, a chruthaíonn dúshlán go háirithe mar gheall gur aidhm leis an gcoláiste cothromaíocht a bhaint amach idir caomhnú agus riachtanais i leith éifeachtúlacht fuinnimh. Cuireann tasc an dícharbónaithe - ar aon dul leis na spriocanna a leagadh amach - dúshláin bhreise roimh struchtúir níos sine nár dearadh riamh agus aird ar chaighdeáin chomhshaoil nua-aimseartha. Sárófar an dúshlán a chruthaíonn ár Spriocanna Aeráide a bhaint amach trí fhorbairt Campais. Seoladh meascán de thionscnaimh in Oideachas agus Oiliúint agus iarratas ar ghradam 'Campas Glas' leis An Taisce.

### Struchtúr Rialachais

Oibrítear an NCAD laistigh de chreat sainithe reachtúil agus rialachais a chinntíonn cuntasacht, trédhearcacht, agus soláthar éifeachtach a mhisin acadúil agus straitéisigh. Tagann struchtúr rialachais an NCAD leis an gCód Rialachais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus buntacaíonn an tAcht um an gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, 1971, arna leasú, agus Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022 leis.

### An Bord

Is é an Bord príomhúdarás maoirseachta an NCAD, atá freagrach as treoir straitéiseach, rialachas, agus feidhmíocht an Choláiste. Bunaíodh é faoi Acht an NCAD, 1971, agus tá ról reachtúil ag an mBord i maoirseacht a dhéanamh ar an NCAD agus a chinntiú go gcomhlíonann an Coláiste a mhisean ar mhaithe le leas an phobail. Neartaítear in Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022 cuntasacht agus ailíniú le tosaíochtaí náisiúnta ardoideachais, a mhúnlaíonn freagrachtaí rialachais an Bhoird níos mó.

Tá ionadaithe ón bhfoireann acadúil, mic léinn, páirtithe leasmhara seachtracha, agus ainmnithe aire ar an mBord. Casann sé ar a chéile go rialta chun na nithe seo a leanas  a dhéanamh:

- Pleananna straitéiseacha a cheadú
- Maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht airgeadais agus ar bhainistíocht riosca
- Monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht acadúil agus ar fheidhmíocht institiúide
- A chinntiú go gcomhlíontar na ceanglais reachtaíochta agus rialála atá ag teacht chun cinn.



## An Chomhairle Acadúil

Cuireann an Chomhairle Acadúil, a bunaíodh i gcomhréir le hAcht 1971, comhairle ar fáil ar cheisteanna acadúla agus cinntíonn sé ionracas acadúil agus cáilíocht i measc na gclár go léir. Glacann sé le príomhról i bhforbairt curaclaim, dearbhú cáilíochta, agus maoirseacht ar thaighde. I measc na ballraíochta, tá cinn ranna acadúla, foireann acadúil thofa agus ionadaithe mac léinn.

## An Coiste

Tacaítear le hobair an Bhoird agus na Comhairle Acadúla ag: An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca – déanann an Coiste maoirseacht ar thuairisciú airgeadais, rialuithe inmheánacha agus bainistíocht riosca.

## An Caidreamh leis an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

Coláiste aitheanta UCD (an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath) é an NCAD agus tacaíonn an caidreamh seo le bailíochtú a chlár acadúil, a phróiseas dearbhaithe cáilíochta agus a thionscnamh comhoibritheach. Leanann an NCAD de bheith féinrialaitheach ach tairbhe á baint aige mar sin féin as comhphrótacail rialachais agus as creataí cáilíochta.

## Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú

Croíluachanna ag an NCAD i gcónaí iad Éagsúlacht agus Meas. Tá tús áite le fada á thabhairt inár gColáiste do chomhionannas, éagsúlacht, agus ionchuimsiú a chur chun cinn, anuas ar dheireadh a chur le bulaíocht, ciapadh, agus idirdhealú. Leanaimid lenár líon mac léinn a éagsúlú trí thionscnaimh cosúil leis an mBealach Rochtana ar Ardoideachas agus an Bealach Rochtana ar Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas. Léirítear ár dtiomantas do dhul i ngleic le neamhionannas freisin inár bPlean Gníomhaíochta Comhionannais Inscne Athena Swan (2022-2026) agus ár bPlean um Chur i bhFeidhm ar Dheireadh a Chur le Foréigean Gnéasach.

Is cinnte go dtabharfar faoi deara go mbeidh fás ag teacht ar an obair seo tar éis gur earcaíodh ról lánaimseartha i gComhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú (EDI) agus i gCosc / Freagairt ar Fhoréigean agus Ciapadh Gnéasach i Meán Fómhair 2024 – Plean Gníomhaíochta um Chomhionannas Cine an NCAD a fhorbairt ina measc.

Spreagtar mic léinn agus cuairteoirí an dul chun cinn sa limistéar seo a fheiceáil ar ár suíomh gréasáin. Is féidir leis an bhoireann teacht freisin ar ár Spás tiomnaithe EDI ar Workvivo chun teacht ar nuashonruithe rialta.






2023
2024

# NATIONAL COLLEGE OF ART &DESIGN

**COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTHA**
**NATIONAL COLLEGE OF ART & DESIGN**

Coláiste Aitheanta,
An Colaiste Ollscoile,
Baile Átha Cliath

A Recognised College of UCD

Eolas Teagmhála

Fón + 353 1 636 4200
Ríomhphost fios@ncad.ie

Seoladh 100 Thomas Street,
Dublin 8, Ireland
D08 K521

Pobal